**Tá aighneachtaí á lorg ag an gComhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Coimirce Shóisialach maidir le Dréacht-Scéim Ghinearálta Bhille Oideachais (Ligean Isteach ar Scoil), 2013**

Tá aighneachtaí i scríbhinn á lorg ag an gComhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Coimirce Shóisialach ó dhaoine aonair leasmhara agus ó ghrúpaí leasmhara i ndáil le Dréacht-Scéim Ghinearálta Bhille Oideachais (Ligean Isteach ar Scoil), 2013.

Tá Dréacht-Scéim Ghinearálta an Bhille ar fáil anseo.

Déanfaidh an Coiste aon aighneachtaí a gheofar a bhreithniú agus féadfaidh sé a chinneadh cuireadh a thabhairt chuig éisteacht phoiblí do dhuine aonair nó níos mó nó do ghrúpa amháin nó níos mó dá mba dhóigh leis gur thairbhiúil déanamh amhlaidh.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil gach aighneacht agus cumarsáid i ndáil leis an ní seo á láimhseáil ag Cléireach agus Rúnaíocht an Choimisiúin; níor chóir aighneachtaí a chur chuig comhaltaí aonair den Choiste.

Ba chóir aighneachtaí a chur chuig Cléireach an Choiste, agus is fearr gur trí mheán leictreonach a dhéanfar sin, ag an seoladh schooladmissions@oireachtas.ie (agus sa chás sin ní gá, anuas air sin, cóip chrua den aighneacht a sheoladh).

Ba chóir aighneachtaí i scríbhinn a chur chuig: An Cléireach, An Comhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Coimirce Shóisialach, Tithe an Oireachtais, Teach Chill Dara, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, **le bheith ann tráth nach déanaí ná 3.00 p.m. Dé Déardaoin an 31 Deireadh Fómhair 2013.**

Ní fhéadfar glacadh le haighneachtaí a chuirfear chuig seoltaí eile.

Tá feidhm ag na treoirlínte seo a leanas i ndáil le haighneachtaí:

- Ba chóir litir ar leith a bheith i gcuideachta na haighneachta, ina mbeidh ainm agus sonraí teagmhála (uimhir fóin agus seoladh poist agus, má tá sé ar fáil, seoladh ríomhphoist) an duine aonair nó an ghrúpa a bheidh ag déanamh na haighneachta. Má dhéanann duine an aighneacht thar ceann grúpa, ba chóir post an duine sa ghrúpa sin a bheith luaite.
- Ní féidir glacadh le haighneachtaí gan ainm.
- Ba chóir, maidir le haighneachtaí –
    - iad a chur i láthair chomh hachomair agus is féidir ar leathanaigh uimhrithe
    - na nithe seo a leanas a bheith iontu -
        - réamhfhocal gairid, ina mínítear réimse saineolais an duine nó an ghrúpa, mar shampla
        - aon fhaisnéis fhíriciúil atá le tairiscint a bhféadfadh an Coiste tátail a bhaint aisti, nó a d'fhéadfaí a chur chuig páirtithe eile chun a dtuairimí ina taobh a fháil
- go ndéileálfaidís le gach Ceann ar leith den Scéim Ghinearálta, agus go dtabharfaí cuntas soiléir ar an réasúnaíocht a bhaineann le haon leasuithe a bheidh á moladh

- go mbeidh siad chomh sonrach agus is féidir i ndáil le haon mholtaí a bheidh á ndéanamh, agus ba chóir achoimre ar na moltaí sin a bheith ann ag deireadh an doiciméid
- achoimre fheidhmeannach de na príomhphointí a bheidh déanta san aighneacht a bheith san aighneacht más faide ná 10 leathanach an aighneacht
- Ba chóir a lua in aighneachtaí an mbeadh an duine aonair nó an grúpa a bhfuil na haighneachtaí á ndéanamh thar a cheann nó thar a gceann sásta láithriú i seisiún poiblí ag aon chruinniú Coiste.

Tá doiciméad níos sonraí ina bhfuil garbhchuntas ar na treoirlínte maidir le haighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh ar fáil ach gliogáil anseo agus ansin doiciméad uimhir 5 a aimsiú, nó tá na treoirlínte ar fáil ó Chléireach an Choiste.

**Is próiseas poiblí é aighneacht a dhéanamh**

Níl ceangal ar an gCoiste glacadh le doiciméad uait nuair a bheidh sé curtha faoina bhráid, ná níl ceangal ar an gCoiste aon chuid den aighneacht sin, nó í go léir, a fhoilsiú má ghlactar léi. Próiseas poiblí is ea oibríochtaí Parlaiminte, áfach, agus féadfar aighneachtaí a dhéanfar chuig Coiste a fhoilsiú mar chuid de thuarascáil Coiste, nó iad a fhoilsiú ar leith, má chinneann an Coiste déanamh amhlaidh.

**Comhaltaí an Choiste**

An Teachta Joanna Tuffy (Cathaoirleach)

*Na Teachtaí* Séamus Ó Banáin, Raymond de Buitléir, Siobhán Ní Choileáin, Clare Daly, Breandán Ó Grifín, Séamus Ó Dálaigh, Deiric S. Ó Céitinn, Cathal Mac Conall Óg, Nicky Nic Pháidín, Eoin Ó Broin, Liam Ó Deaghaidh, Aodhán Ó Ríordáin, Aengus Ó Snodaigh, Breandán Ó Riain

*Na Seanadóirí* Traolach Ó Braonáin, Jim D'Arcy, Máire Ní Maoldomhnaigh, Maire Ní Mhóráin, Marie-Louise Ní Dhomhnaill, Averil de Paor

Is é **3.00 p.m. Dé Déardaoin an 31 Deireadh Fómhair 2013** an spriocdháta chun glacadh le haighneachtaí.

Má bhíonn aon cheisteanna agat i ndáil leis an ábhar seo, déan teagmháil, le do thoil, le Cléireach an Choiste ag an seoladh thuasluaite, nó glaoigh ar an uimhir 01 618 3481.